Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12656/25**
**ADD 1**

**ENV 815**
**MI 635**
**DELACT 125**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 5939 final - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe i sádair ardteochta leáite |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 5939 final - Annex.

---

Faoi iamh: C(2025) 5939 final - Annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2025
C(2025) 5939 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe i sádair ardteochta leáite**

## IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7(a):

| | | |
|---|---|---|
| ‘7(a) | Luaidhe i sádair de chineál ardteochta leáite (i.e. cóimhiotail luaidhe- bhunaithe ina bhfuil 85 % luaidhe nó níos mó de réir meáchain) | Tá feidhm aige maidir le gach catagóir (seachas feidhmeanna a chumhdaítear le pointe 24 den Iarscríbhinn seo) agus rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2027. |
| 7(a)-I | Luaidhe i sádair de chineál ardteochta leáite (i.e. cóimhiotail luaidhe- bhunaithe ina bhfuil 85 % luaidhe nó níos mó de réir meáchain)<br>le haghaidh idirnaisc inmheánacha chun dísle a cheangal, nó comhpháirteanna eile mar aon le dísle i gcóimeáil leathsheoltóra ag a bhfuil sruthanna foistine nó díomuana/imbhuailte 0,1 A nó níos mó nó voltais bhlocála atá níos mó ná 10 V, nó méideanna ciumhaise dísle níos mó ná 0,3 mm x 0,3 mm | Tá feidhm aige maidir le gach catagóir (seachas feidhmeanna a chumhdaítear le pointe 24 den Iarscríbhinn seo) agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2027.’ |
| 7(a)-II | Luaidhe i sádair de chineál ardteochta leáite (i.e. cóimhiotail luaidhe- bhunaithe ina bhfuil 85 % luaidhe nó níos mó de réir meáchain)<br>i gcás naisc chomhtháite (is é sin naisc inmheánacha agus sheachtracha) den cheangal dísle i gcomhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha, má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:<br>- is é >35W/(m*K) seoltacht theirmeach an ábhair dísle leasaithe/sintéaraithe,<br>- is é >4.7MS/m seoltacht leictreach an ábhair dísle-cheangail leasaithe/sintéaraithe,<br>- tá teocht leáite soladais níos airde ná 260 °C | Tá feidhm aige maidir le gach catagóir (seachas feidhmeanna a chumhdaítear le pointe 24 den Iarscríbhinn seo) agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2027.’ |
| 7(a)-III | Luaidhe i sádair de chineál ardteochta leáite (i.e. cóimhiotail luaidhe- bhunaithe ina bhfuil 85 % luaidhe nó níos mó de réir meáchain)<br>i siúntaí sádair den chéad leibhéal (naisc inmheánacha nó chomhtháite - a chiallaíonn naisc inmheánacha agus sheachtracha) le haghaidh | Tá feidhm aige maidir le gach catagóir (seachas feidhmeanna a chumhdaítear le pointe 24 den Iarscríbhinn seo) agus |

| | | |
|---|---|---|
| | comhpháirteanna monaraíochta ionas nach n-athshreabhann gléasadh comhpháirteanna leictreonacha ina dhiaidh sin ar fhochóimeálacha (i.e. modúil, cláir fochuaird, foshraitheanna, nó sádráil pointe go pointe) le sádar tánaisteach an sádar den chéad leibhéal. Eisiatar ón bhfo-iontráil seo feidhmeanna ar cheangal dísle agus séalaí heirméiteacha | rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2027.’ |
| 7(a)-IV | Luaidhe i sádair de chineál ardteochta leáite (i.e. cóimhiotail luaidhe- bhunaithe ina bhfuil 85 % luaidhe nó níos mó de réir meáchain)<br>i siúntaí sádair den dara leibhéal chun comhpháirteanna a cheangal de chlár cuaird priontáilte nó de fhrámaí luaidhe:<br>1. i liathróidí sádair chun eagar eangach liathróidí ceirmeach a cheangal<br>2. i rómhúnlaí plaisteacha ardteochta (> 220 ° C) | Tá feidhm aige maidir le gach catagóir (seachas feidhmeanna a chumhdaítear le pointe 24 den Iarscríbhinn seo) agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2027. |
| 7(a)-V | Luaidhe i sádair de chineál ardteochta leáite (i.e. cóimhiotail luaidhe- bhunaithe ina bhfuil 85 % luaidhe nó níos mó de réir meáchain)<br>mar ábhar séalaithe heirméiteach idir:<br>1. pacáiste nó breiseán ceirmeach agus cás miotail,<br>2. foirceannadh comhpháirteanna agus fochuid inmheánach | Tá feidhm aige maidir le gach catagóir (seachas feidhmeanna a chumhdaítear le pointe 24 den Iarscríbhinn seo) agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2027. |
| 7(a)-VI | Luaidhe i sádair de chineál ardteochta leáite (i.e. cóimhiotail luaidhe- bhunaithe ina bhfuil 85 % luaidhe nó níos mó de réir meáchain)<br>chun naisc leictreacha a bhunú idir comhpháirteanna lampa i lampaí frithchaiteora gealbhruthacha le haghaidh téamh infridhearg, lampaí díluchtaithe ard-déine, nó lampaí oighinn | Tá feidhm aige maidir le gach catagóir (seachas feidhmeanna a chumhdaítear le pointe 24 den Iarscríbhinn seo) agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2027. |
| 7(a)-VII | Luaidhe i sádair de chineál ardteochta leáite (i.e. cóimhiotail luaidhe- bhunaithe ina bhfuil 85 % luaidhe nó níos mó de réir meáchain)<br>le haghaidh trasduchtóirí fuaime i gcás inar mó ná 200 °C an bhuaic-theocht oibriúcháin | Tá feidhm aige maidir le gach catagóir (seachas feidhmeanna a chumhdaítear le pointe 24 den Iarscríbhinn seo) agus rachaidh sé in éag an |

| | | |
|---|---|---|
| | | 31 Nollaig 2027.’ |